Cad iad na Meáin Chumarsáide?

# Ceacht 1



## Na meáin chumarsáide agus fógraíocht a thuiscint

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba cheart go mbeadh na leanaí ábalta a thuiscint cad iad na meáin chumarsáide agus cad is fógraíocht ann. |
| **Toradh Foghlama** | Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann cineálacha éagsúla meán a aithint agus roinnt de na meáin a fheiceann siad ar bhonn rialta a aithint. Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann roinnt fógraíochta ainmniú agus a thuiscint go mbíonn fógraíocht i ngach áit timpeall orainn. |
| **Nótaí na Mhúinteora** | Is éard atá sna meáin gach cineál cumarsáide a bhfuil teachtaireacht ag gabháil léi. Áiríonn sé sin nithe a d’fhéadfá a bheith ar an eolas fúthu amhail irisí, an teilifís, an raidió agus suíomhanna gréasáin. Áiríonn sé freisin nithe follasacha eile cosúil le téacstheachtaireachtaí, urraíocht agus fiú lógónna de bhrandaí ar éadaí. Sa mhéid go bhfuilimid timpeallaithe de shíor ag na meáin, seans nach dtabharfaimis faoi deara fiú go bhfuil na teachtaireachtaí sin ag dul i bhfeidhm orainn. Chomh maith leis sin, íocann cuideachtaí na meáin chumarsáide chun a dteachtaireachtaí a chur chun cinn faoi tháirge nó faoi bhrada ar leith. Tugtar fógraíocht ar theachtaireachtaí a chur chun cinn sna meáin ar an gcaoi sin agus feiceann an gnáthdhuine 1,500 fógra, ar an meán, in aghaidh an lae. |
| **Acmhainní** | • An físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*<br>• Gníomhaíocht 1.1<br>• Dathanna |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé: Cad iad na Meáin Chumarsáide?; Tá Fógraíocht i nGach Áit?<br>• Scileanna trí mheán an ábhair: An físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*<br>• Foghlaim Ghníomhach: Déan é a Aisteoireacht |

# Ceacht 1



## Cur Chuige

**Céim 1: An Físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?***




**Físeán**

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr mar gheall ar theachtaireachtaí Seinm an físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Nuair a shroichtear an chuid ar an bhfíseán "An cuimhin leat aon mheán a chonaic tú an tseachtain seo?" cuir an físeán ar sos agus tabhair an deis do na leanaí freagra a thabhairt.
- Cuir an físeán ar sos tar éis gach sampla agus fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad aon cheann de na samplaí sin cheana.
- Tar éis an fhíseáin, fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo aon cheann de na meáin nó na fógraí a taispeánadh san fhíseán.
- Mínigh do na leanaí go leanfaidh siad orthu ag foghlaim faoi na meáin agus faoi fhógraíocht, ach idir an dá linn gur chóir dóibh súil a choinneáil amach d'aon teachtaireachtaí a fheiceann nó a chloiseann siad.

**Céim 2: *Cad iad na Meáin Chumarsáide***

- Inis do na leanaí go bhfuil a lán bealaí ann teachtaireachtaí a fháil ar a dtugtar 'na meáin'.
- Inis dóibh go bhfuil tú chun cur síos ar chúpla ceann de na meáin éagsúla agus beidh orthusan a thomhas cén meán ar a bhfuil tú ag trácht.
- Úsáid an sampla "Is féidir leat éisteacht leis sa charr, sa bhaile. Seinneann sé ceol agus bíonn daoine éagsúla ag labhairt air ó am go chéile."
- Fiafraigh de na leanaí an féidir le haon duine a thomhas cén cineál meáin atá i gceist.

*Seans go ndéarfaidh siad – An Raidió.*

- Lean leis an ngníomhaíocht sin, ag cur síos ar mheáin éagsúla:
  - Tá sé seo déanta as páipéar agus is féidir leat nuacht a léamh uaidh? *An Páipéar Nuachta*
  - Seans go bhfuil ceann díobh seo ag suí i lár do sheomra suí nó sa chistin. Léirítear íomhánna agus fuaimeanna air agus is féidir leat breathnú ar a lán seónna teilifíse air? *An Teilifís*
  - Bíonn sé ar do ghlúine agat agus is féidir brabhsáil ar an idirlíon air. *Ríomhaire glúine*
  - Déanann daoine glao gutháin air seo, ach is féidir úsáid a bhaint as chun brabhsáil ar an idirlíon freisin. *Fón póca*
  - Tá sé seo níos mó ná fón póca ach is féidir brabhsáil ar an idirlíon air nó cluichí a imirt air. *Táibléad*
  - Tá sé seo déanta as páipéar agus tá dé an-daite, is féidir leat scéalta a léamh ann agus pictiúir a fheiceáil ann. *Greannán*
  - Bíonn siad seo ar chláir fógraí mórthimpeall do shráidbhaile nó do chathrach. Spreagann siad tú chun rud éigin a cheannach mar shampla deoch, bia nó seirbhís. *Póstaer*
- Iarr ar na leanaí an féidir leo smaoineamh ar aon chineálacha eile meáin a thugann teachtaireachtaí dúinn?

*Seans go luafaidís pacáistiú ar bhia nó ar dheochanna, lógónna ar éadaí, etc.*


# Ceacht 1



## Cur Chuige ar lean

**Céim 3: Tá fógraíocht i ngach áit?**

- Ag leanúint ó Chéim 2, iarr ar na leanaí roinnt áiteanna a ainmniú ina bhféadfaí teachtaireachtaí a fheiceáil ó na meáin?
- Mínigh gur féidir le cuideachtaí na meáin chumarsáide a íoc, chun a dteachtaireachtaí a chur chun cinn agus muid a spreagadh rud éigin a cheannach, go háirithe táirge nó branda – bia, bréagáin, éadaí nó cluichí. Tugtar fógraíocht ar theachtaireachtaí a chur chun cinn sna meáin ar an gcaoi seo.
- Mínigh do na leanaí go bhfeiceann an gnáthdhuine tuairim is 1,500 fógra gach lá.
- Mínigh go bhfuil fógraíocht i ngach áit – sa bhaile, ar an tsráid, ar líne.
- Taispeáin Gníomhaíocht 1.1 do na leanaí, radharc de shráid ghnóthach i lár an bhaile.
- Iarr ar na leanaí an bhfeiceann siad aon teachtaireachtaí meáin san íomhá?
- Tabhair cóip de Ghníomhaíocht 1.1 do na leanaí agus iarr orthu ciorcal dearg a chur timpeall ar na teachtaireachtaí meáin a fheiceann siad san íomhá.
- Tar eis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích iarr ar na leanaí ar mhaith leo a gcuid oibre a roinnt leis an rang agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad na teachtaireachtaí meáin sin.
- Iarr ar na leanaí ar mhaith leo é a dhathú nuair atá deireadh déanta acu.




**Gníomhaíocht 1.1**

**Céim 4: Déan é a aisteoireacht**

- Mar ghníomhaíocht deiridh, cuir na leanaí i mbeirteanna, i ngrúpaí nó mar rang iomlán chun aisteoireacht a dhéanamh ar chineálacha éagsúla meán, agus iad ina dtost, agus beidh ar na leanaí eile a thomhas cén meán atá i gceist.
- D'fhéadfaidís mím a dhéanamh de na meáin seo a leanas:
  - Cineama
  - Irisleabhair
  - Lógónna nó teachtaireachtaí ar éadaí
  - Póstaeir ar an tsráid
  - Teilifís
  - Raidió
  - Suíomhanna Gréasáin
  - Físchluichí
  - Aipeanna ar tháibléid
  - Na Meáin Shóisialta